


COMHAD FÍRICÍ: TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH GCSE



Aonad 1 BOGEARRAÍ 2



Intreoir

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- Cuir síos ar na tascanna seo a leanas a dhéanann na feidhmchláir áirge:
 - Díbhloghadh diosca,
 - Sceidealú tascanna,
 - Cúltaicé agus
 - Aisichur sonraí;
- Cuir síos ar an ról atá ag bogearraí frithviris agus an tábhacht atá le nuashonruithe rialta.

Inneachar

- Feidhmchláir Áirge
- Bogearraí Frithviris

Feidhmchláir Áirge


Seo ríomhchlár a thagann leis an ríomhchóras –“*ríomhchlár córais*”. Déanann sé tascanna ar leith le linn don ríomhaire bheith ar obair. Mar shampla, déanfaidh sé comhaid a chúltaicé, seiceáil do viris nó clár comhbhrúite a rith.

Seo cuid de na feidhmchláir a dhéanann an clár áirge:

- Díbhloghadh diosca
- Sceidealú tascanna
- Cúltaicé
- Aisichur sonraí

Díbhloghadh diosca

Na comhaid ar ríomhaire, tá siad stóráilte ar an diosca chrua. De réir mar a shábháiltear níos mó agus níos mó comhad ar an diosca chrua, bíonn codanna de na comhaid stóráilte ar shiúl óna chéile, rud a chuireann moill ar fheidhmíocht an ríomhaire. Tagann moill ar an ríomhaire cionn is go gcaithfidh an diosca cruu na sonraí uilig a aimsiú ó gach comhad sular féidir é a oscailt. Nuair a úsáidtear an ríomhchlár ‘díbhloghtha’, cuireann an ríomhaire na codanna uilig de gach comhad le chéile arís, rud a chuireann luas faoin ríomhaire.




Dibhloghadh Diosca roimh agus i ndiaidh

Sceidealú Tascanna

Seo nuair a dhéanfaidh an LAP am a leithdháileadh do gach tasc nó ríomhchlár atá á rith ag an ríomhaire. Cinntíonn seo gur féidir le cuid mhór ríomhchlár bheith ag rith ag an am chéanna, de réir cosúlachta, agus go mbaintear an úsáid is fearr as am an LAP.

Is féidir leat an sceidealóir tascanna a úsáid le hiarraidh ar an ríomhaire tascanna ar leith a dhéanamh ag amanna is rogha leat, mar shampla, é a shocrú le do bhogearraí frithviris a rith.



Íomhá de sceidealóir tascanna tipiciúil

Cúltacú

Is é atá i gceist leis seo, cóipeanna a dhéanamh de chomhaid nó de chláir ar eagla go mbeadh na bunchóipeanna truaillithe. Ba chóir cúltacaí a dhéanamh go rialta lena chinntiú go bhfuil cóip suas le dáta agat de do chuid comhad i gcónaí. Ba chóir cúltaca de na bogearraí a stóráil scartha ón ríomhairí, lena chosaint ar chontúirtí ar nós tine. Tá cineálacha difriúla cúltacaí ann is féidir a dhéanamh.

Cúltacú Iomlán

Cóipeálann seo na comhaid uilig le taifead iomlán a chur ar fáil de na sonraí.

Cúltacú Dífreálach

Cóipeálann seo comhaid a d'athraigh ó rinneadh an cúltaca iomlán deiridh.

Cúltacú incriminteach

Ní chóipeálann seo ach na comhaid a d'athraigh ó rinneadh an cúltacú deiridh. D'fhéadfadh gur cúltacú iomlán é seo nó cúltacú incriminteach roimhe sin.

Comhad irisleabhair

Cuireann seo taifead ar fáil de na hoibríochtaí a rinneadh ón chúltacú roimhe sin.

Cóip Chrua

Nuair a thig sé go cnámh na huillinne, tá cóip ann stóráilte ar pháipéar.

Aischur Sonraí

Úsáidtear seo nuair a éiríonn comhaid nó ríomhchláir truaillithe. Déantar na comhaid chórasa chúlta a chóipeáil ar ais ar an chóras. Leis an chóras a chur ar ais chuig an staid ina raibh sé sular theip air, déantar an comhad irisleabhair is déanaí nó aon chomhaid idirbheartaíochta a chur ar ais.

Bogearraí Frithvíris

Úsáidtear bogearraí frithvíreas le bogearraí mailíseacha a bhrath agus iad a chur i gcoraintín nó a bhaint den ríomhchóras.

Tá monatóirí frithvíreas stóráilte sa tiomántán cruu; bíonn siad de shíor ag déanamh monatóireachta ar an chóras le láithreacht víris a aimsiú. Má fhaightear ceann, cuirtear bac ar an chomhad bheith ag rith agus cuirtear teachtaireacht rabhaidh chuig an úsáideoir. Ansin, is féidir leis an úsáideoir cinneadh a dhéanamh faoin víreas a chur i gcoraintín nó na bogearraí a bhaint.

Seiceáil víreas, déanann sí scanadh ar gach comhad, lena n-áirítear sonraí nua a léitear isteach sa ríomhaire, le víreas ar bith a bhrath.

Is é is díghalrú ann, aon víris atá faighte a bhaint.

Is é is coraintín ann, aon chomhaid a bhfuiltear amhrasach go bhfuil ionfhabhtú iontu a aonrú.

Nuashonruithe Rialta

Tá nuashonruithe rialta de bhogearraí frithvíreas riachtanach lena chinntiú go bhfuil an ríomhchóras cosanta ar fad ar aon bhagairtí. Cruthaítear víris nua gach lá agus mar sin de, tá sé den tábhacht gur féidir leis na bogearraí frithvíreas iad seo a aithint a luaithe agus is féidir agus aon bheart is gá a dhéanamh.

Leabharliosta

Leabhair

BCS Glossary of Computing and ICT, 13ú Eagrán, BCS Academy Glossary Working Party lch 358

BCS Glossary of Computing and ICT, 13ú Eagrán, BCS Academy Glossary Working Party lgh 81–82

BCS Glossary of Computing and ICT, 13ú Eagrán, BCS Academy Glossary Working Party lgh 171–172

BCS Glossary of Computing and ICT, 13ú Eagrán, BCS Academy Glossary Working Party lch 6

Suíomhanna gréasáin

<http://www.teach-ict.com/glossary/D/defrag.htm>
http://www.teach-ict.com/2016/A_Level_Computing/OCR_H446/1_2_software/121_operating_systems/scheduling/miniweb/pg2.php

Íomhanna

Sceideálóir Tascanna tógtha ó ríomhaire féin
<http://windowsitpro.com/windows-client/scheduling-windows-2000-s-disk-defragmenter>



Ceisteanna Athbhreithnithe

1

Má tá do ríomhaire ag próiseáil go mall, cé acu ríomhchlár áirge a dtiocfadh leat a úsáid lena dhéanamh níos gasta?

(1)

2

Cad é feidhm an sceidealóra tascanna?

(2)

3

Cad chuige a bhfuil sé tábhachtach do chuid comhad a chúltacú?

(1)

4 Ainmnigh 2 chineál cúltaca agus mínigh iad.

Ainm: (1)

.....

Míniú: (2)

.....

.....

.....

Ainm: (1)

.....

Míniú: (2)

.....

.....

.....

5 Mínigh an difríocht idir Ríomhchláir Áirge agus Feidhmchláir. (3)

.....

.....

.....

.....

6 Cad chuige a bhfuil sé tábhachtach bogearraí frithvíreas suas le dáta a bheith agat? (2)

.....

.....

.....

.....

